Formhór na tíre ina cíor thuathail ag tuilte agus drochaimsir

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar mhír nuachta ar ball faoi na tuilte atá tar eis an tír a bhuladh le seachtain anuas.

Cad atá ar eolas agat faoi na tuilte?
An bhfuil tuilte i do cheantar féin?

Anois, sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht Gaeilge a chur ar na téarmaí seo a leanas.

1. Announced _____
2. Regions _____
3. Recommended _____
4. Mid-West _____
5. Report _____
6. Fear _____
7. Especially _____
8. Windy _____

Ceist 2

Féach anois ar an mír agus abair an bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach.

1. D'fhógair an Taoiseach Brian Cowen sa Dáil go gcuirfear dhá mhilliún euro ar fáil le teacht i gcabhair ar dhaoine atá buailte ag tuilte.
   Fíor/Bréagach
2. Tá baol láidir ann go mbeidh tuilte i gcontae an Chláir anocht.
   Fíor/Bréagach
3. Tá na tuilte ag scaipeadh ó dheas.
   Fíor/Bréagach
4. Tá daoine ag tabhairt a gcuid troscán suas staighre le faitíos.
   Fíor/Bréagach
5. Tá na mílte acra fliuch mar gheall ar na tuilte.
   Fíor/Bréagach
6. Deirtear go mbeidh feabhas ar an aimsir as seo amach.
   Fíor/Bréagach

Ceist 3 Anois féach ar an mír nuachta agus déan iarracht na bearnaí a líonadh leis na focail sa *chló iodálach* thíos.

Tá na céadta bóthar dúnta agus tá sé _____ do thiománaithe i gcontaetha na Gaillimhe, i Ros Comáin agus i gContae Liatroma gan dhul chun bóthair mura bhfuil _____ leis. Tá fógra _____ ag _____sa Mheán-Iarthair go bhfuil baol láidir tuillte ann arís anocht i Luimneach agus i gContae an Chláir.
Is é inniu an séú lá ag tuillte i gContae na Gaillimhe agus tá siad ag scaipeadh ó dheas. Tá na príomhbhóithre uile isteach is amach as an gContae _____ ag uisce. I measc an seasca cúig bóthar atá dúnta, tá an droichead i bPort Omna, an príomhbhóthar ó Ghaillimh go dtí an taobh _____ den tír.

tachta, eisithe, thoir theas, Údaráis áitiúla, géarghá, molta.

Ceist 4 "an *séú* lá"

Cén gné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló iodálach thuas?

Athscríobh na habairtí thíos agus na huimhreacha i bhfoirm focal. Athraigh na hainmfhocail atá idir lúibíní más gá. Tá an chéad cheann déanta duit.

1. Tóg an (5+ casadh) **cúigiú casadh** ar dheis.
2. Is í Bríd an (3 + cailín) sa chomórtas.
3. Is é Peadar an (2 + duine) is airde sa rang.
4. Is í seo an (11 + oíche) againn sa Ghréig.
5. Cá bhfuil an (8 + buidéal) imithe?
6. Cheannaigh sé an (2 + árasán) a chonaic sé.
7. Is í Máire an (3 + iníon) agus Mícheál an (9 +mac) aige.
8. Casfaidh Pádraig an (1 + amhrán) agus Órla an (1 + port)

Ceist 5 "I measc an seasca cúig bóthar atá *dúnta*"
Cén gné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló iodálach?

Cuir an deireadh ceart ar na briathra atá idir lúibíní chun an aidiacht bhriathartha a chruthú.

1. Tá an fhuinneog (dún).
2. Tá an t-urlár (scuab) agus (nigh) ag Máire.
3. An bhfuil na deochanna (ceannaigh) agat fós?
4. Tá aiste mhór (scríobh) ag Peadar ach níl sé (léigh) ag an Ollamh fós.
5. Níl aon rud (ith) aici le trí lá.
6. Bhí an doras (bris) ach tá sé (deisigh) agam.
7. Tá an roth (lúb) tar éis na timpiste.
8. Bíodh do sheomra (glan) agat nó beidh trioblóid ann.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil dóthain á dhéanamh ag an Rialtas chun cabhrú le fadhb na dtuilte dar leat? Cad is cúis le do fhreagra?

An féidir aon rud a dhéanamh chun tubaistí mar seo a sheachaint sa todhchaí?

An bhfuil baint ag téamh domhanda leis an tubaiste seo, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

1. Announced _____ D'fhógair
2. Regions _____ Ceantair
3. Recommended _____ Molta
4. Mid-West _____ Meán-Iarthair
5. Report _____ Tuairisc
6. Fear _____ Faitíos
7. Especially _____ Go háirithe
8. Windy _____ Gaofar

Ceist 2

1. D'fhógair an Taoiseach Brian Cowen sa Dáil go gcuirfear dhá mhilliún euro ar fáil le teacht i gcabhair ar dhaoine atá buailte ag tuilte.
   Fíor/**Bréagach**
2. Tá baol láidir ann go mbeidh tuilte i gContae an Chláir anocht.
   Fíor/Bréagach
3. Tá na tuilte ag scaipeadh ó dheas.
   Fíor/Bréagach
4. Tá daoine ag tabhairt a gcuid troscán suas staighre le faitíos.
   Fíor/Bréagach
5. Tá na mílte acra fliuch mar gheall ar na tuilte.
   Fíor/Bréagach
6. Deirtear go mbeidh feabhas ar an aimsir as seo amach.
   Fíor/**Bréagach**

Ceist 3 Tá na céadta bóthar dúnta agus tá sé **molta** do thiománaithe i gContaetha na Gaillimhe, i Ros Comáin agus i gContae Liatroma gan dhul chun bóthair mura bhfuil **géarghá** leis. Tá fógra **eisithe** ag **Údaráis áitiúla** sa Mheán- Iarthair go bhfuil baol láidir tuilte ann arís anocht i Luimneach agus i gContae an Chláir.... Is é inniu an séú lá ag tuilte i gContae na Gaillimhe agus tá siad ag scaipeadh ó dheas. Tá na príomhbhóithre uile isteach is amach as an gContae **tachta** ag uisce. I measc an seasca cúig bóthar atá dúnta, tá an droichead i bPort Omna- an príomhbhóthar ó Ghaillimh go dtí an taobh **thoir theas** den tír.

Ceist 4 Is orduimhir atá i gceist

1. Tóg an **cúigiú casadh** ar dheis.
2. Is í Bríd an **tríú cailín** sa chomórtas.
3. Is é Peadar an **dara duine** is airde sa rang.
4. Is í seo an **t-aonú hoíche déag** againn sa Ghréig.
5. Cá bhfuil an **t-ochtú buidéal** imithe?
6. Cheannaigh sé an **dara hárasán** a chonaic sé.
7. Is í Máire an **tríú hiníon** agus Mícheál an **naoú mac** aige.
8. Casfaidh Pádraig an **chéad amhrán** agus Órla an **chéad phort.**

Ceist 5 Is é an aidiacht bhriathra atá i gceist le **dúnta.**

1. Tá an fhuinneog **dúnta.**
2. Tá an t-urlár **scuabtha** agus **nite** ag Máire.
3. An bhfuil na deochanna **ceannaithe** agat fós?
4. Tá aiste mhór **scríofa** ag Peadar ach níl sé **léite** ag an Ollamh fós.
5. Níl aon rud **ite** aici le trí lá.
6. Bhí an doras **briste** ach tá sé **deisithe** agam.
7. Tá an roth **lúbtha** tar éis na timpiste.
8. Bíodh do sheomra **glanta** agat nó beidh trioblóid ann.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Bail ó Dhia oraibh.
D'fhógair an Taoiseach Brian Cowen sa Dáil go gcuirfear deich milliún euro ar fáil le teacht[1] i gcabhair ar dhaoine atá buailte ag tuilte le seachtain anuas. Tá ceantair[2] san iarthar, i lár tíre agus i ndeisceart na tíre fós i gcruachás tráthnóna agus tuilleadh drochaimsire geallta anocht. Tá na céadta bóthar dúnta agus tá sé molta do thiománaithe i gContaetha na Gaillimhe, i Ros Comáin agus i gContae Liatroma gan dhul chun bóthair mura bhfuil géarghá leis. Tá fógra eisithe ag Údaráis áitiúla sa Mheán- Iarthair[3] go bhfuil baol láidir tuilte ann arís anocht i Luimneach agus i gContae an Chláir. Tá an chéad tuairisc anocht ag Máire Treasa Ní Cheallaigh.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Is é[4] inniu an séú lá ag tuilte i gContae na Gaillimhe agus tá siad ag scaipeadh ó dheas. Tá na príomhbhóithre uile[5] isteach is amach as an gContae tachta ag uisce. I measc an seasca cúig bóthar atá dúnta, tá an droichead i bPort Omna- an príomhbhóthar ó Ghaillimh go dtí an taobh thoir theas den tír.

Mícheál Ryan-Port Omna
Táim ag obair anseo mar rúnaí ar an ngalfchúrsa[6] agus más féidir súil a chaitheamh taobh thiar díot tá tuilte[7] anseo agus ní raibh siad ann riamh. Tá uisce ar bheagnach gach uile[8] pholl agus bíonn an-bhród orainn anseo go mbímid tirim i gcónaí.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
De[9] bharr go bhfuil an droichead taobh thiar dúinn anseo dúnta, tá ar dhaoine[10] ar an taobh ó dheas den droichead taisteal chomh fada le Beannchar i gContae Uíbh Fhailí agus teacht[11] timpeall le dul chomh fada le Port Omna. Seo turas atá os cionn tríocha míle ar fhad agus tógann sé os cionn uair an chloig.

Pádraig Conneely
Bhí mé thíos ag an gcuan Dé Domhnaigh is Dé Luain agus tá an t-uisce chomh hard ann nach bhfaca mé riamh é. Tá sé dáiríre, tá na tithe anois ar do chúl ansin agus cuid acu agus tá siad ag ardú troscáin suas an staighre le faitíos mar tá an t-uisce ag teacht thart orainn agus níl a fhios agam céard atá ag dul ag tarlú ar chor ar bith. Tá sé go dona.

Máire Treasa Ní Cheallaigh
Go dtí seo tá os cionn dhá chéad teaghlach i nGaillimh curtha amach as a gcuid tithe ag tuilte agus tá na mílte acra talún báite. Ní chuideoidh an aimsir atá geallta leis an drochbhail atá

[1] Le theacht deirtear
[2] ceantracha a deirtear
[3] Fágtar séimhiú ar lár
[4] Sé a deirtear
[5] uilig a deirtear
[6] Fágtar an t-urú ar lár
[7] Floodanna a deirtear!
[8] Chuile atá i gceist ní thuilleadh
[9] Go bharr a deirtear sa chanúint
[10] Fágtar an séimhiú ar lár
[11] Theacht a deirtear

fágtha ag tuilte ar go leor den tír. Tá aimsir stoirmiúil ghaofar geallta chomh maith le múrtha[12] troma báistí go háirithe ar an taobh thiar den tír.

Máire Treasa Ní Cheallaigh, Nuacht TG4, i gContae na Gaillimhe.

[12] Múrannaí a deirtear